

DON SCRÚDAITHEOIR

SCRÚDUIMHIR:

Iomlán na
Marcanna


Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2010

MATAMAITIC – BONNLEIBHÉAL – (300 marc)


DÉ hAOINE, 11 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 GO DTÍ 4.00

Am: 2 uair an chloig

Freagair **GACH** ceist. Gabhann 50 marc le gach ceist.

Ba chóir freagraí agus obair thacaíochta a scríobh isteach sna boscaí atá ann chuige sin.

Féadfar leathanaigh agus grafpháipéar sa bhreis a fháil ón bhFeitheoir, más gá.

Cuireann an tsiombail  in iúl **gur gá duit** obair thacaíochta a thaispeáint chun lánmharcanna a ghnóthú.

Déanamh agus sórt an áireamhain a úsáideadh:

Don Fheitheoir / Scrúdaitheoir amháin:

Stampa an Ionaid

Ceist	Marc
1	
2	
3	
4	
5	
6	
Iomlán	
Bónas don Ghaeilge	
Móriomlán	
Grád	

1. (a) Faigh luach:

(i) $35 - 7 =$

(ii) $35 \div 7 =$

(b) (i) Liostaigh na fachtóirí uile atá ag 8.

(ii) Liostaigh na fachtóirí uile atá ag 12.

(iii) Liostaigh na fachtóirí uile atá comónta ag 8 agus 12, araon.

(iv) Scríobh síos an fachtóir coiteann is airde (FCA) atá ag 8 agus 12.

- (c) (i) Ceannaíonn tú roinnt rudaí i siopa. Tá liosta díobh thíos.
Faigh costas iomlán na rudaí seo.

3 Úll @ €0.35 an ceann.
2 Shú Torthaí @ €1.29 an ceann.
4 Phaicead Brioscán @ €0.45 an ceann.
3 Rollóg Aráin @ €0.55 an ceann.



3 Úll	@ €0.35 an ceann	= €
2 Shú Torthaí	@ €1.29 an ceann	= €
4 Phaicead Brioscán	@ €0.45 an ceann	= €
3 Rollóg Aráin	@ €0.55 an ceann	= €
Iomlán		= €

- (ii) Íocann tú as na rudaí seo le nóta €10.
Cén tsóinseáil a fhaigheann tú?



2. (a) Scríobh síos an mód atá ag na huimhreacha a leanas:

4, 6, 2, 6, 5, 6

Mód =

(b) Taispeánann an tábla a leanas an líon crann de chineálacha éagsúla atá i bpáirc bheag.


Cineál Crainn	Dair	Beith	Cnó capaill	Saileach	Feá
An Líon	9	12	6	9	4



(i) Ríomh an líon iomlán crann sa pháirc.



- (ii) Tarraing barrachairt chun an líon de gach cineál crainn a léiriú.
Bain feidhm as an ngréille thíos chun do bharrachairt a tharraingt.



Tá cuid (c) ar an gcéad leathanach eile

- (c) Fiafraíodh de 120 duine an líon uaireanta an chloig, ar an meán, a chaith siad ar an idirlíon sa tseachtain. Taispeántar na torthaí sa tábla.



Líon uaireanta an chloig	2 uair	3 huair	4 huair	5 huair
Líon daoine	10	20	60	30

Is mian linn an t-eolas seo a thaispeáint ar phíchart.




Comhlánaigh an tábla:


Líon uaireanta an chloig	2 uair	3 huair	4 huair	5 huair
Líon daoine	10	20	60	30
Líon céimeanna		60°		

Tarraing an píchart.

3. (a) Faigh luach x sa léaráid a leanas.



- (b) (i) Tóg an triantán ABC agus bíodh $|AB| = 8$ cm, $|\angle BAC| = 70^\circ$ agus $|AC| = 5$ cm. Taispeáin go hiomlán do chuid línte tógála.




- (ii) Bain feidhm as do rialóir chun fad an tsleasa $[BC]$ a thomhas.


Fad an tsleasa $[BC] =$

Tá cuid (c) ar an gcéad leathanach eile


- (c) (i) Tarraing íomhá na dronuilleoige a thaispeántar sa léaráid faoin tsiméadracht aiseach sa líne k .




- (ii) Roinn an mhírlíne $[XY]$ i dt trí chuid chothroma. Taispeáin na línte tógála uile.




4. (a) Faigh luach $3a + 2b$, áit a bhfuil $a = 4$ agus $b = 5$.



- (b) (i) Simpligh $2(x + 4) + 5(x - 2)$.




- (ii) Réitigh le haghaidh x :


$$4x - 2 = 10$$


Tá cuid (c) ar an gcéad leathanach eile

- (c) (i) Ag glacadh le $y = 2x + 1$, comhlánaigh an tábla thíos.
Taispeáin do chuid oibre uile.



x	1	2	3	4	5
y			7		

- (ii) Ag baint feidhme duit as do chuid freagraí ar (i), línigh graf $y = 2x + 1$ ó $x = 1$ go dtí $x = 5$.



(iii) Bain feidhm as do ghraf chun luach y a fháil nuair $x = 1 \cdot 5$.

$y =$

5. (a) (i) Athraigh $3 \cdot 75$ km go méadair.



(ii) Athraigh $5 \cdot 2$ cm go milliméadair.



(b) (i) Is iad na tomhais atá ag dronuilleog ná 8 cm faoi 5 cm.

Faigh imlíne na dronuilleoige.




5 cm



8 cm


Leantar le cuid (b) ar an gcéad leathanach eile

- (ii) Is é is fad ga ciorcail ann ná 5 cm.
Ríomh imlíne an chiorcail. Bain feidhm as $\pi = 3.142$.





- (c) (i) Tá bloc adhmaid dronuilleogach 10 cm ar fad, 4 cm ar leithead agus 4 cm ar airde.


Faigh, i cm^3 , toirt an bhloic.



- (ii) Is é 2 cm an fad atá i slios de dhlúthchiúb adhmaid.
Faigh, i cm^3 , toirt an chiúib.



- (iii) Cé mhéad de na ciúib adhmaid seo is féidir a dhéanamh as an mbloc adhmaid i gcuid (i)?




6. (a) Comhlánaigh a bhfuil thíos, tríd an uimhir cheart a chur i ngach aon bhosca acu:

$$\frac{1}{2} = \frac{\square}{6} \qquad \frac{1}{3} = \frac{\square}{6}$$
$$\frac{1}{2} + \frac{1}{3} = \frac{\square}{6}$$

- (b) Tá $A = \{1, 5, 7, 9\}$ agus $B = \{7, 9, 11\}$

- (i) Taispeáin baill na dtacar A agus B ar an léaráid Venn thíos.




- (ii) Liostaigh baill $A \cap B$.

$$A \cap B = \{ \quad , \quad \}$$

Tá cuid (c) ar an gcéad leathanach eile

(c) Oibríonn Sorcha mar threoraí turais i Paris.


Is é an pá comhlán atá aici ná €400 sa tseachtain.



(i) Íocann sí cáin faoin ráta 20%. Cad é an cháin iomlán a bheidh le híoc ag Sorcha ar a pá comhlán gach seachtain?




(ii) Tá creidmheasanna cánach €50 sa tseachtain ag Sorcha. Faigh cé mhéad cánach a íocann sí gach seachtain.



(iii) Bain feidhm as do fhreagra ar chuid (ii) chun pá glan Sorcha a ríomh.



Spás d'obair sa bhreis



Spás d'obair sa bhreis